Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2008**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

*ag measúnú*

## Modúl 1

**[ASH11]**

**DÉ hAOINE 11 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.
Tá 12 mharc ag dul do Cheist 1 i ngach rogha. Táthar ag súil le míniú agus tuiscint ar na coincheapa cuí agus le breithiúnais atá bunaithe ar fhianaise fhíorasach. Ba chóir duit 15 nóiméad a chaitheamh ar an cheist seo.
Tá 68 marc ag dul do Cheist 2 i ngach rogha. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh tú foinse ábhar a léirmhíniú, a mheas agus a úsáid ina comhthéacs stairiúil.

## ROGHA 5 NA NAITSITHE AGUS AN GHEARMÁIN 1919–1945

Freagair ceachtar acu ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Cá sheasmhaí a bhí geilleagar an Weimar sa tréimhse 1923–1928? [12]

**Nó**

**(b)** Cá thábhachtaí a bhí purgú an SA maidir le cumhacht Hitler a dhaingniú idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934? [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse 1**

Sliocht as cuimhní cinn Ernst Hanfstaengel, Naitsí, arna fhoilsiú in 1957. Bhí sé páirteach in Putsch Munchen, Samhain 1923.

> Bhí sé breá soiléir go raibh maithe agus móruaisle na príomhchathrach Munchen i láthair. Bhí Hitler ag cogaint ar a chuid ingne agus é ag amharc i leataobh ó am go chéile ar an ardán mar a raibh Kahr agus Lossow ina suí. Bhí Kahr ina sheasamh ansin, agus é ag dul d'óráid dothuigthe leadránach nuair a phléasc an doras isteach ar ár gcúl agus isteach le Goring agus tuairim is 25 de na Léinte Donna faoina gcuid gunnaí. Thosaigh Hitler ar a bhealach a dhéanamh i dtreo an ardáin agus an chuid eile againn ag brú chun tosaigh sna sála aige. In airde le Hitler ar chathaoir agus scaoil urchar sa tsíleáil. Ar seisean ansin: "Tá an réabhlóid náisiúnta faoi lán seoil. Tá Arm na Gearmáine linn. Tá ár mbratach ar foluain ar a mbeairicí. Tabharfar bata is bóthar do Rialtas na Baváire. Cloífear rialtas Choirpigh na Samhna agus is mise a threoróidh polasaí an rialtais náisiúnta i mBeirlín."

**Foinse 2**

Sliocht as litir le Herr Leybold, Gobharnóir Phríosún Landsberg, chuig oifig Aturnae Stáit na Baváire, 15 Meán Fómhair 1924.

> Le tamall anuas bhí an ciontóir Hitler sáite sa leabhar atá á scríobh aige. Nochtar ann a naimhdí atá sé leis an chumannachas. Ar scaoileadh saor dó is cinnte go bhfillfidh sé ar shaol na polaitíochta. Tá de rún aige san am le teacht, na modhanna dlithiúla uile a úsáid ar mhaithe le cumhacht a fháil.

**Foinse 3**
Sliocht as *Weimar and the Rise of Nazi Germany 1918–1933* le Geoff Layton, arna fhoilsiú in 2005.

> Faoi Iúil 1932 bhí rath suntasach toghchánach ar na Naitsithe. B'ionann is 37.3% den toghlach na 13,745,000 vóta a fuair an NSDAP, rud a d'fhág go raibh páirtí Hitler ar an cheann ba mhó sa Reichstag. Ina ainneoin sin, níor iarradh air bheith ina sheansailéir go dtí mí Eanáir 1933 nuair a chuaigh sé i gcomhghuaillíocht le náisiúnaithe agus coimeádaigh eile.

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1.** Cá húsáidí é mar fhianaise ag staraí atá i mbun staidéir ar bhriseadh amach Putsch Munchen i Samhain 1923? [13]

**(b)** In **Foinsí 1 agus 2** tá cuntais dhifriúla chomhaimseartha ar na modhanna a bhí ag na Naitsithe agus iad ag iarraidh cumhacht a fháil. **Cén dóigh**, agus **cad chuige**, a bhfuil siad difriúil lena chéile? [25]

**(c)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas a thábhachtaí a bhí Putsch Munchen maidir le teacht i gcumhacht na Naitsithe idir 8 Samhain 1923 agus 30 Eanáir 1933. [30]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.